Alt

22-08-2019 - 19:06
Uimhir Thagartha: 20180706STO07413

Parlaimint na hEorpa

# Rialacha nua AE chun cothromaíocht oibre is saoil a chur chun cinn




Caith súil ar an ngrafaic faisnéise chun tuilleadh a fhoghlaim

**Tá rialacha nua á n-ullmhú ag feisirí Eorpacha chun cothromaíocht oibre is saoil a chur chun cinn i gcás tuismitheoirí agus cúramóirí.**

Tháinig feisirí Eorpacha ar chomhaontú an 12 Meán Fómhair 2018 maidir le seasamh na Parlaiminte i dtaca le rialacha nua AE maidir le cothromaíocht oibre is saoil do thuismitheoirí

agus do chúramóirí. Táthar ag iarraidh aghaidh a thabhairt ar an ngannionadaíocht atá ag mná i margadh an tsaothair, borradh a chur faoi líon na bhfear a ghlacann saoire a bhaineann leis an teaghlach, agus comhionannas inscne agus comhdheiseanna a chothú.

Moltaí na bhfeisirí maidir le saoire atharthachta, saoire cúramóirí agus saoire do thuismitheoirí:

- Bheadh aithreacha nó an dara tuismitheoir i dteideal saoire íoctha 10 lá oibre ar a laghad a ghlacadh an tráth a saolaítear leanbh, a tharlaíonn marbh-bhreith nó a uchtaítear leanbh.
- Saoire tuismitheoirí neamh-inaistrithe de cheithre mhí, d'fhéadfaí é a úsáid roimh dheichiú breithlá an pháiste.
- An ceart chun saoire íoctha i gcás oibrithe a thugann aire do ghaolta cleithiúnacha nó do ghaolta atá go dona tinn.
- Ba chóir go mbeadh tuismitheoirí in ann leas a bhaint as coinníollacha oibre solúbtha, teilea-oibriú mar shampla.
- Maidir le híocaíocht nó liúntais, b'ionann é agus 78% ar a laghad den ollphá i gcás saoire do thuismitheoirí nó do chúramóirí nó 80% ar a laghad den ollphá i gcás saoire atharthachta.

Leis na rialacha nua, táthar ag súil go gcuirfí dea-chothromaíocht idir dualgais teaghlaigh agus dualgais ghairmiúla chun cinn. Sa bhliain 2017, ba é ráta fostaíochta na mban ná 66.5% i gcomparáid le 78% i gcás fear. Is mó seans go n-oibríonn mná go páirtaimseartha mar gheall ar dhualgais a bhaineann leis an teaghlach agus go gcuirtear isteach ar a ngairmeacha, rud a bhíonn ina chúis leis an difreálach pá idir na hinscní agus le dealú inscne ó thaobh pinsin de.

## Tuilleadh faisnéise

Comhad nós imeachta
Seirbhís Taighde na Parlaiminte
Preaseisiúint (11 Iúil 2018)



**Ardstiúrthóireacht na Cumarsáide**
Parlaimint na hEorpa - Urlabhraí: Jaume Duch Guillot
Teagmháil: webmaster@europarl.eu